



An Bhruiséil, 16 Márta 2015  
(OR. en)

7168/15

COAFR 97  
ACP 42  
PESC 279  
RELEX 221  
JAI 173

## NÓTA

---

|                              |   |
|------------------------------|---|
| ó:                           | Ardrúnaíocht na Comhairle   |
| chuig:                       | na toscaireachtaí   |
| Uimh. an doic.<br>roime seo: | 7082/15   |
| Ábhar:                       | Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta 2015-2020 do Mhurascaill na Guine |

---

1. Ag an gcuinniú a bhí aici an 16 Márta 2015, ghlac an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta 2015-2020 do Mhurascaill na Guine**

1. Inniu glacann an Chomhairle an Plean Gníomhaíochta 2015-2020 do Mhurascaill na Guine ina léirítear tacaíocht an Aontais Eorpaigh leis na hiarrachtaí atá ar bun sa réigiún agus sna stáit cois cósta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla slándála muirí agus coireachta eagraithe. Mar a rinneadh sa Straitéis a glacadh an 17 Márta 2014, athdhearbhaítear leis an bPlean Gníomhaíochta seo an tábhacht a bhaineann, dar leis an Aontas, le leanúint den dlúthchomhar le comhpháirtithe ar fud iarthar na hAfraice Thiar agus Láir, agus le bearta iomchuí a dhéanamh chun dul i ngleic leis an gcoireacht mhuirí, lena n-áirítear an phíoráideacht agus robáil armtha ar muir, an iascaireacht neamhdhleathach, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, ar dhrugaí agus ar airm, agus an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na cúiseanna bunúsacha ionas go gcothófar slándáil fhadtéarmach agus cobhsaíocht fhadtéarmach sa réigiún.
2. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir go bhfuil an Plean Gníomhaíochta dírithe ar thacaíocht a sholáthar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, chun leanúint d'iarrachtaí Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS) agus Choimisiún Mhurascaill na Guine (GGC), chomh maith leis na Stáit a shínigh an Cód Iompair maidir leis an gcos ar bolg a chur ar an bpíoráideacht, ar robáil armtha long ar muir agus ar ghníomhaíocht neamhdhleathach mara san Afraic Thiar agus san Afraic Láir, plean a glacadh ag Cruinniú Mullaigh na gCeannairí Stáit agus Rialtais i mí an Mheithimh 2013 i Yaoundé sa Chamarún. Beartaítear le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta comhar idir-réigiúnach a threisiú agus, chomh maith leis sin, cur le leibhéal an chomhair idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit agus na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá an Chomhairle réidh chun cabhrú leis na stáit de chuid na hAfraice Thiar agus na hAfraic Láir atá cois cósta chun rathúnas fadtéarmach a bhaint amach trí bhíthin cur chuige chomhtháite agus trasearnála, ag léiriú go bhfuil nasc tábhachtach idir rialachas maith, an smacht reachta, agus forbairt a dhéanamh ar réimse muirí i dtaca le comhar trádála níos fearr a éascú agus poist a chruthú do na tíortha sa réigiún.

3. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, tús a chur le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le Murascaill na Guine, ag cur san áireamh Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh agus a Phlean Gníomhaíochta, agus i ndlúthchomhar leis an réigiún féin agus leis na príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Maidir leis sin, tá an Chomhairle ag tnúth le ceapadh Chomhordaitheoir Sinsearach an Aontais le haghaidh Murascaill na Guine. Fillfidh an Chomhairle ar an ábhar sin de réir mar is iomchuí.
-

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

### **Plean Gníomhaíochta 2015-2020 an Aontais do Mhurascaill na Guine**

#### **1 – RÉAMHRÁ**

1. Tháinig an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 17 Márta 2014 ar chomhaontú maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh (AE) i ndáil le Murascaill na Guine, chun tacú le tionscnaimh phróisis thrasréigiúnacha Yaoundé idir Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), Comhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS) agus Coimisiún Mhurascaill na Guine (GGC). Tá Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Murascaill na Guine bunaithe ar an teachtaireacht chomhpháirteach "Eilimintí d'fhreagairt straitéiseach an Aontais Eorpaigh do Mhurascaill na Guine"<sup>1</sup> agus tá sí comhlántach le straitéis slándála muirí ginearálta an Aontais<sup>2</sup>.
2. Le Cruinniú Mullaigh na gCeannairí Stáit a tionóladh in Yaoundé i mí an Mheithimh 2013, le hionadaithe ó 25 tír ón Afraic Lár agus ón Afraic Thiar agus le heagraíochtaí réigiúnacha (an chéad uair a tionóladh cruinniú comhpháirteach den sórt sin idir an dá réigiún), glacadh Meabhrán Tuisceana idir ECCAS, ECOWAS agus GGC maidir le slándáil mhuirí san Afraic Thiar agus san Afraic Lár, agus glacadh Cód Iompair chun aghaidh a thabhairt ar an easpa sábháilteachta muirí sa chiall is leithne di, lena n-áirítear Lárionad Comhordúcháin Idir-Réigiúnach a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme. Osclaíodh an lárionad sin an 11 Meán Fómhair 2014 in Yaoundé, Camarún.

---

<sup>1</sup> JOIN (2013) 31

<sup>2</sup> 11205/14

3. Beartaítear leis an bPlean Gníomhaíochta sin Straitéis an Aontais a chur i ngníomh bunaithe ar a ceithre chuspóirí straitéiseacha: comhthuiscint a thógáil ar scála na bagartha; cabhrú leis na rialtais réigiúnacha institiúidí láidre ilghníomhaireachta a chur ar bun; tacú le geilleagar rathúil a thógáil agus neart a chur leis na struchtúir chomhair. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leis an bPlean cur leis an móiminteam réigiúnach a cruthaíodh ag Cruinniú Mullaigh Yaoundé agus tacaíocht iomchuí a thabhairt d'eagraíochtaí réigiúnacha agus do stáit aonair araon<sup>3</sup> chun cuidiú leo straitéisí éifeachtacha a dhearadh chun dul i ngleic leis na dúshlán agus na straitéisí a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe, i gcomhréir le Cód Iompair Yaoundé<sup>4</sup>.
4. Ina theannta sin, déanfaidh an tAontas iarracht a áirithiú go mbeidh a chuid idirghabhálacha maidir le comhar don fhorbairt, cothú na síochána, coinbhleacht a chosc agus maidir leis an tslándáil idirnáisiúnta á neartú a chéile. Beidh plé rialta le ECOWAS, le ECCAS agus leis na Stáit aonair, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go mbeidh tuiscint choiteann ar a bhfuil riachtanach agus indéanta. Mar shampla, le tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme Straitéis Mhuirí Chomhtháite ECOWAS tá an deis ann le go bhféadfaí cuspóirí a bhaint amach a mbeadh sochar frithpháirteach ag roinnt leo. Tá fás cuimsitheach agus inbhuanaithe an gheilleagair ríthábhachtach chun an bhochtaineacht a laghdú go fadtéarmach, ar príomhchuspóir é de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas fás níos cuimsithí a spreagadh, ar saintréith dá chuid go mbeadh daoine in ann páirt a ghlacadh i gcruthú rachmais agus post agus tairbhe a bhaint astu.

---

<sup>3</sup> Is iad seo a leanas Stáit Shínitheacha an "Cód Iompair maidir leis an bPioráideacht, an robáil armtha ar longa agus gníomhaíocht neamhdhleathach muirí san Afraic Láir agus san Afraic Thiar a chur faoi chois", a glacadh i mí an Mheithimh 2013 ag Cruinniú Mullaigh na gCeannairí Stáit in Yaoundé: Angóla, Beinin, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Camarún, Rinn Verde, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, an Congó, an Cósta Eabhair, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Gabún, an Guine Mheánchriosach, Gána, an Ghaimbia, an Ghuine, Guine Bissau, an Libéir, Mailí, an Nígir, an Nigéir, São Tomé agus Príncipe, an tSeineagáil, Siarra Leon, agus Tóga

<sup>4</sup> Nasc le Cód Iompair Yaoundé:  
<http://pages.au.int/sites/default/files/Code%20of%20Conduct.pdf>

5. I dtuarascálacha agus measúnuithe a rinneadh le déanaí ar an mbagairt ón gcoireacht eagraithe trasnáisiúnta sa réimse muirí, mar atá sainithe i gCód Iompair Yaoundé<sup>5</sup>, léirítear staid slándála seasmhach neamhchobhsaí a d'fhéadfadh dul in olcas. Bhí Murascaill na Guine ina sprioc riamh ag foghlaithe mara agus robálaithe armtha ar muir (ARAS). De réir figiúirí ón mBiúró Idirnáisiúnta Muirí, ba i Murascaill na Guine a tharla 18% de na hionsaithe domhanda in 2013 agus 16 % díobh in 2014. Le deich mbliana anuas, tharla tuairim is 80 % de na hionsaithe foréigneacha uile a rinneadh i gcoinne longa in uiscí teorann, a raibh na cuanta agus na limistéir chalafoirt ar na huiscí ba leochailí díobh. Ach le blianta beaga anuas, tá teagmhais den sórt sin ag tarlú ar an mórmhuir agus tá siad ag tarlú níos faide siar ar an mórmhuir agus níos faide ó dheas<sup>6</sup>. Ar an meán, tá idir 30 agus 40 soitheach atá faoi bhrat nó úinéireacht Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ag aon tráth áirithe in uiscí Mhurascaill na Guine agus tá an baol ann go ndíreodh coirpigh nó foghlaithe mara orthu. Tuigtear go forleathan nach ndéantar tuairisciú iomlán ar na hionsaithe agus mar sin tá éagsúlacht staidrimh ann agus bíonn siad míchruinn, ach is údar inní leordhóthanach é an treocht ghinearálta sa chaoi go bhfuil údar cuí le gníomhaíocht ón Aontas toisc, go háirithe, go bhfuil an méadú atá ag teacht ar an bhforéigean i gcoinne maraithe thar a bheith scáfar<sup>7</sup>, agus gur maraíodh maraí de chuid na Gréige in 2015 dá bharr<sup>8</sup>.

---

<sup>5</sup> Chun críocha an Chóid Iompair, is éard atá i gceist leis an gcoireacht eagraithe trasnáisiúnta sa réimse muirí ceann ar bith de na gníomhartha seo a leanas: An phíoráideacht agus robáil armtha i gcoinne longa (ARAS), sciúradh airgid, gáinneáil neamhdhleathach ar airm agus ar dhrugaí mídhleathacha, buncaireacht mhídhleathach ola, gadaíocht amhola, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine, truailliú muirí, Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuiriscithe agus Neamhrialáilte (Iascaireacht NNN) agus dumpáil neamhdhleathach dramhaíola tocsainí

<sup>6</sup> Teagmhas píoráideachta Kerala amach ó chósta na hAngóla i mí na Eanáir 2014

<sup>7</sup> Tuarascálacha míosúla de chuid an Bhiúró Idirnáisiúnta Mhuirí: i mí an Mheithimh 2014, mar shampla, maidir le cúig teagmhais a tuairiscíodh, fuadach a bhí i gceist le dhá cheann agus gabhadh seasca cúig den chriú mar ghialla agus maidir le ceithre cinn den chúig teagmhais a tuairiscíodh, baineadh feidhm as gunnaí agus sceana lena linn. In 2014, in ocht gcás rinneadh foréigean iarbhír i gcoinne an chriú, i naoi gcás úsáideadh gunnaí agus gabhadh seasca sé den chriú mar ghialla i gcomparáid le duine ar bith san Aigéan Indiach, ochtar is fiche i gCaolas Malacca, agus triúr is daichead i Muir na Síne Theas (foinse: An Córas Domhanda le haghaidh Faisnéis Chomhtháite i dtaca leis an Loingseoireachta de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (GISIS - <http://gisis.imo.org>) In 2014 tuairiscíodh fiche ceathair teagmhais san iomlán i gcomparáid le trí cinn san Aigéan Indiach - cé gur dócha go bhfuil an figiúr iarbhír a dhá oiread níos airde ná sin.

<sup>8</sup> Ionsaí ar shoitheach iascaireachta amach ó chósta Gána, an 30 Eanáir 2015

6. Is ábhar inní don Aontas í an bhgairt ón gcoireacht neamhdhleathach ar muir, go háirithe an phíoráideacht agus robáil armtha ar muir, ó thaobh sábháilteacht maraithe agus daoine eile, coireacht lena n-áirítear fuadach, gabháil giall, agus níos mó foréigin a dhéanann foghlaithe mara agus daoine a bhfuil baint acu leis an bpíoráideacht. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, creat dlíthiúil réigiúnach iomchuí a chruthú chun cosc agus toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí coiriúla den sórt sin, chun a áirithiú go ndéanfar daoine atá i mbun na píoráideachta agus na robála armtha ar muir a ghabhadh, a choinneáil, a ionchúiseamh agus a chiontú i gcomhréir le rialacha agus prionsabail dlí idirnáisiúnta a aithnítear go hidirnáisiúnta<sup>9</sup>. Déanfar iarracht leis an bPlean Gníomhaíochta tacú le tionscnaimh lena dtabharfar cúnamh iomchuí do mharaithe an Aontais atá thíos de bharr fuadach agus gabháil giall ag foghlaithe mara, lena n-áirítear trí theagmhálacha taidhleoireachta níos fearr le húdaráis náisiúnta freagracha agus ag tógáil ar na tionscnaimh atá ann cheana faoi choimirce na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO),<sup>10</sup>, chomh maith le tionscnaimh leanúnacha an Aontais Eorpaigh chun tacú le slándáil in aghaidh na coireachta muirí, amhail iad sin a bheartaítear i Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh, i nDearbhú na hAithne maidir leis an Athbhreithniú Eatramhach ar Bheartas an Aontais i Réimse an Iompair Mhuirí, a ghlac an Chomhairle i mí an Mheitheamh 2014, agus an obair ábhartha a dhéanann an Fóram Eorpach um Fheidhmeanna an Gharda Cósta.

---

<sup>9</sup> Go háirithe forálacha ábhartha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 (UNCLOS) Airteagal 100, Airteagal 101 agus Airteagal 105 go háirithe, lena leagtar amach an creat dlí is infheidhme maidir le dul in aghaidh na píoráideachta agus na robála armtha ar muir, chomh maith le gníomhaíochtaí eile ar an aigéan (tag. CSNA RES 2039 (2012))

<sup>10</sup> Go háirithe maidir le forálacha Rún A. 1069 (28) de chuid Thionól na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta

7. Trádáil mhuirí, lena n-áirítear bealaí soláthair fuinnimh<sup>11</sup> do Mhurascaill na Guine agus uaithi, den chuid is mó, is cuideachtaí atá bunaithe i mBallstáit an Aontais a dhéanann í, toisc gurb é an tAontas an príomh-mhargadh onnmhairithe d'fhormhór na dtíortha sa réigiún. Allmhairíonn an Eoraip tuairim is 13% dá cuid ola agus 6% dá cuid gáis ón Afraice Thiar. D'fhéadfadh éifeacht na coireachta eagraithe trasnáisiúnta ar rátaí árachais muirí tionchar diúltach a imirt freisin ar gheilleagair na dtíortha cósta. Fairis sin, meastar go bhfuil an leibhéal is airde den iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (iascaireacht NNN) ar an domhan in uiscí na hAfraice Thiar, suas le 37% de ghabháil an réigiúin, a chosnaíonn thart ar USD 1.3 billiún in aghaidh na bliana ar na stáit cois cósta, rud a dhéanann dochar mór do shlándáil an tsoláthair bhia agus do shlíte beatha na bpobal cósta<sup>12</sup>.
8. Ina theannta sin, tá imní ann go bhfuil an bhagairt sceimhlitheoireachta sa réigiún fós ag fás, agus gur dócha go méadófar ar ghníomhaíochtaí coiriúla amhail fuadach le haghaidh fuascailte mar shampla, as seo go dtí na toghcháin Uachtaránachta a thionólfar sa Nigéir go luath in 2015. Leanann an gháinneáil agus an smuigleáil (idir dhaoine, dhrugaí agus airm), agus sciúradh airgid atá gaolmhar leis, ag fás ar fud teorainneacha póiriúla talaimh agus mara, agus leas á bhaint as an easpa leanúnach slándála, go háirithe sa tSaiheil, agus i dtíortha eile. Tá líonraí coiriúla agus sofaisticiúla atá an-inoiriúnaithe bunaithe go daingean ar fud an réigiúin<sup>13</sup>.

---

<sup>11</sup> An costas ar an Nigéir amháin as goid ola agus hidreacarbón, meastar gurb ionann é agus thart ar US \$6 billiún in aghaidh na bliana.

<sup>12</sup> Tá thart ar 9 milliún duine ag brath ar an iascach ar mhaithe le teacht slán sa réigiún, faightear 41 % de phróitéin ainmhíoch ó éisc. Foinsí le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta NNN; Banc Domhanda, *Environmental Justice Foundation* (2012) – *Pirate Fishing Exposed: the Fight against Illegal Fishing in West Africa and the EU*.

<sup>13</sup> Foinse: Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC).



## 2 – AN STAID MAR ATÁ SA RÉIGIÚN

9. Cruthaíodh an tIonad Comhordúcháin Idir-Réigiúnach chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a chuireann na trí eagraíochtaí réigiúnacha Cód Iompair Yaoundé chun feidhme, agus beidh údarás agus inniúlacht straitéiseach iomlán ar an leibhéal polaitiúil aige chun acmhainní a dhíriú ó réigiún go réigiún eile, de réir mar is gá, le dul i ngleic leis an gcoireacht mhuirí. Tá foireann lárnach á cur ar bun aige de réir a chéile le meascán de bhaill foirne mhíleata agus sibhialtacha. Ceapadh Stiúrthóir míleata ó ECOWAS agus Leas-Stiúrthóir sibhialtach ó ECCAS cheana féin. An dá lárionad réigiúnacha don Afraic Thiar agus don Afraic Láir atá faoina bhun (CRESMAC; An Lárionad Réigiúnach don tSlándáil Mhuirí san Afraic Láir, in Pointe Noire, a cuireadh ar bun go hoifigiúil mí Dheireadh Fómhair 2014, agus a choibhéis; Lárionad Slándála Muirí Réigiúnach na hAfraice Thiar (CRESMAO, Stát óstach fós le socrú) fós le teacht chun a bheith oibríochtúil, ar feitheamh carnadh acmhainní. Faoi bhun na leibhéal réigiúnach CRESMAC agus CRESMAO, beidh struchtúr na slándála muirí i Murascaill na Guine comhdhéanta de chúig chríos (A; D; E; F; G) lena gcumhdaítear spás muirí ECOWAS agus ECCAS, gach ceann díobh á chomhordú ag Lárionad Ilnáisiúnta Comhordúcháin (CMC). Beidh an Lárionad Ilnáisiúnta Comhordúcháin do Chríos A in Luanda, Angóla, ach tá sé fós le teacht chun a bheith oibríochtúil. Tá an Lárionad Ilnáisiúnta Comhordúcháin do Chríos D in Douala, Camarún, agus tá sé ar an gcéad chríos a tháinig le bheith oibríochtúil. Beidh an Lárionad Ilnáisiúnta Comhordúcháin do Chríos E in Cotonou, Beinin, táthar ag súil go dtiocfaidh sé le bheith oibríochtúil i Márta 2015. Tá na Lárionaid Ilnáisiúnta Comhordúcháin do Chríos F agus do Chríos G fós ag an gcéim phleanála, agus ní dhearnadh aon chinneadh fós faoin dtír a bheidh mar óstach orthu. Is tosaíocht é oibríochtú na n-ionad sin go léir a luaithe is féidir.

10. Beidh gá le beart ilchisealach ar gach leibhéal – idir-réigiúnach, réigiúnach, criosach agus náisiúnta. Teaghlaim de ghníomhaíocht ón mbun aníos agus ón mbarr anuas atá beartaithe mar níl aon "réiteach a fhreagraíonn do gach uile ní" ann, ráite an réimse leathan de cheisteanna idirghaolmhara ar muir agus ar talamh, agus éagsúlacht na dtíortha agus éagsúlacht an toilteanais agus an chumais.
11. Ní raibh na Lárionaid Oibríochtaí Muirí náisiúnta - lárionaid chriosacha, ilnáisiúnta, (CMCanna), réigiúnacha (CRESMAC agus CRESMAO) agus an Lárionad Comhordaithe Idir-réigiúnach ceaptha le bheith ina saoráidí míleata amháin ach "iltoiseach" agus "ilghníomhaireachta". Tá sé seo ar cheann de na príomhthosaíochtaí le tacú de réir mar a thógtar an struchtúr cisealach seo d'ionaid atá nasctha lena chéile ar fud na hAfraice Láir agus na hAfraice Thiar.
12. Tá roinnt samplaí maithe ann cheana féin ar an leibhéal náisiúnta, amhail bunú an Chórais Faisnéise maidir le Trácht Ártach a Bhainistiú (VTMIS) i nGána, rud a chuireann rochtain ar fhaisnéis faoi lasta ar fáil, eadhon lasta guaiseach nó truaillithe, atá ar idirthuras nó a thagann i dtír ag calafoirt. Chomh maith le hAonad Forghníomhaithe Iascaigh (FEU) a bhunú, de bharr an bhrú ón Rialachán AE maidir le hiascaireacht neamhdhleathach neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte<sup>14</sup> ar Ghána feabhas a chur, inter alia, ar chórais faireacháin agus chomhlíonta, lena n-áireofar freisin trealamh chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soithí iascaireachta. Níos tábhachtaí fós, tá an t-aonad comhdhéanta d'fhoireann mheasctha d'oifigigh phóilíneachta, iascaigh agus cabhlaigh.

---

<sup>14</sup> (EC) 1005/2008

13. Tá an tionscnamh ón tionscal ola, 'Trádáil Mhuirí agus an Lárionad um Chomhroinnt na Faisnéise – Murascaill na Guine' (MTISC-GoG), atá bunaithe in Accra, Gána, ag feidhmiú ó mhí an Mhárta 2014 agus tacaíocht á fáil aige ó roinnt Ballstáit den Aontas Eorpach agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile. Cuireann soithí cheannaíochta tuarascálacha deonacha faoi bhráid an ionaid, lena n-éascaítear pictiúr muirí ón tSeineagáil go dtí Angóla a chruthú. Tugann MTISC-GoG rabhaidh slándála maidir le teagmhais agus ionsaithe amhrasta do shoithí. Roinneann sé freisin faisnéis ábhartha le húdarais iomchuí na stát sa réigiún. Tá MTISC-GoG ag taispeáint an luach atá ar phictiúr muirí cruinn agus tá muinín ag tionscal an loingis cheannaíochta gnóthaithe as. Comhoibreoidh sé le CRESMAC agus CRESMAO agus an Lárionad Comhordaithe Idir-réigiúnach agus iad ag dul i gcumas chun go mbeidh siad go hiomlán comhlántach le Cód Iompair Yaoundé.
  
14. Is dea-shampla eile é an Lárionad Oibríochtaí agus Anailíse Muirí - Támhshuanaigh (MAOC-N) de chlár oibríochtúil a thugann le chéile saineolaithe míleata agus ó roinnt tíortha san Aontas, d'fhonn comhrac a dhéanamh i gcoinne na gáinneála aindleathaí drugaí d'aer agus de mhuir thar an Aigéan Atlantach i dtreo na hEorpa agus Bhord Farraige na hAfraice Thiar. Oibríonn an eagraíocht seo go dlúth leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile, amhail Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC), an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), EUROJUST, FRONTEX agus Ghníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorfheidhmiú Dhlíthe Drugaí, chomh maith le príomhthíortha na hAfraice go háirithe le Rinn Verde, agus le Guine-Bissau, freisin anois go bhfuil an t-ord bunreachtúil á athbhunú de réir a chéile sa tír.

15. Ón tráth a glacadh an Straitéis, chuir an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) Ambasadóirí na hAfraice sa Bhruiséil ar an eolas; bhí Leas-Uachtarán an Ard-Ionadaí mar óstach ar chruinniú maidir leis an tslándáil mhuirí ar imeall an Chruinnithe Mhullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Afraic, ar fhreastail ionadaithe ón réigiún air<sup>15</sup>, agus bhí cruinniú aireachta ina dhiaidh maidir le slándáil agus sábháilteacht mhuirí an 8/9 Feabhra 2015 a bhí dírithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó Chorn na hAfraice agus an bealach chun comhordú níos fearr agus comhroinnt na taithí ar fud mhór-roinn na hAfraice maidir le slándáil mhuirí a bhaint amach<sup>16</sup>. Phléigh an tAontas na chéad chéimeanna eile le ECOWAS, ECCAS agus GGC le linn oibre ullmhúcháin maidir le bunú an Lárionaid Chomhordúcháin Idir-Réigiúnaigh in Yaoundé idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2014, agus d'fhreastail sé ar an gcruinniú a bhí ag Cairde Mhurascaill na Guine G7++ (FOGG) agus ar oscailt an Lárionaid Chomhordúcháin Idir-Réigiúnaigh an 10 agus an 11 Meán Fómhair 2014, an dá cheann acu in Yaoundé, Camarún.
16. Tá comharthaí dearfacha le feiceáil cheana féin le méadú na gcruinnithe ar leibhéal ard polaitiúil agus teicniúil chun tús a chur le cur chun feidhme phróiseas Yaoundé, rud a léiríonn go measann rialtais lena mbaineann gur bagairt thromchúiseach é an bhagairt ón easpa slándála muirí. San earrach 2015, tá comhdháil beartaithe in Angóla maidir le Slándáil Mhuirí agus Fuinnimh i Murascaill na Guine. Tá sé beartaithe ag Tóga freisin Cruinniú Mullaigh a óstáil i mí na Samhna 2015 maidir le Slándáil Mhuirí agus Forbairt an Aontais Afracaih. Tionóladh an cruinniú is déanaí in Accra, Gána, an 3 Nollaig 2014, agus ar leibhéal an Aontais, leanfaimid de bheith rannpháirteach iontu agus cuireadh a thabhairt do chainteoirí agus iad a óstáil sa Bhruiséil<sup>17</sup>, mar atá déanta againn go dtí seo le cabhair ó Institiúid an Aontais Eorpaigh do Staidéar Slándála (EU ISS)<sup>18</sup>, lena n-áirítear an earnáil réigiúnach, idirnáisiúnta, chomh maith leis an earnáil acadúil, an earnáil phríobháideach, agus earnáil na tionsclaíochta.

---

<sup>15</sup> As an Nigéir, Camarún, Tóga, an Gabún, Beinin agus Angóla

<sup>16</sup> Ag fanacht leis an nasc do na conclúidí ón Aontas Afracach go gcuirfear isteach anseo iad

<sup>17</sup> Chuir Seachaimiréal Mendoua, Ceann Foirne Chabhlach Chamarúin, a rinne maoirseacht ar chruthú an Lárionaid Chomhordúcháin Idir-Réigiúnaigh na tionscnaimh idir-réigiúnacha de phróiseas Yaoundé i láthair ag Coiste Míleata an Aontais an 26 Samhain 2014.

<sup>18</sup> D'óstáil Institiúid an Aontais Eorpaigh do Staidéar Slándála seimineár i mí Aibreáin 2013 (nasc thíos) mar aon le ceardlann i mí Iúil 2014 le Ballstáit an Aontais. Féach an nasc: <http://www.iss.europa.eu/publications/detail/article/fighting-piracy-in-the-gulf-of-guinea-offshore-and-onshore/>

### 3 – CUR CHUIGE AN CHUR CHUN FEIDHME

17. Cumhdaithe i bprionsabail an Chuir Chuige Chuimsithigh<sup>19</sup>, tá sé ceaptha chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna agus ní hamháin leis na siomtóim: an tslándáil, an rialachas agus na dúshláin don fhorbairt amach ón gcósta agus ar tír a nascadh; tarraingt ar thaithí an Aontais Eorpaigh/na ceachtanna a foghlaimíodh ó Chorn na hAfraice agus ón Aigéan Indiach Thiar - i gcás inarb iomchuí; agus cur le leibhéal an chomhair idir an tAontas Eorpach agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh sa réigiún agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Na tionscnaimh uile ón gcomhphobal idirnáisiúnta, ba cheart iad a shioncrónú, agus ba cheart go mbeadh siad comhlántach lena chéile.
18. Cuirtear ar fáil leis an bPlean Gníomhaíochta deiseanna tosaíochtaí geografacha agus téamacha a chomhcheangal ar bhealach comhleanúnach agus comhlántach trí úsáid a bhaint as na hionstraimí airgeadais seachtracha éagsúla de chuid an Aontais agus as an gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF) seachbhuiséadach<sup>20</sup> agus as ranníocaíochtaí ó Bhallstáit an Aontais chun spriocanna an Aontais a bhaint amach. D'fhéadfaí féachaint freisin ar shineirgí agus ar chomhlántacht le gníomhaíochtaí atá ar siúl ag na Ballstáit sa réigiún (oibríochtaí FRONTEX, tionscadal Capaill Mhara (*Seahorse Project*, mar shampla). Ina theannta sin, beifear ar thóir comhair mhéadaithe le comhpháirtithe agus eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear i gcomhthéacs Chairde Mhurascaill na Guine G7++ (FOGG), agus go háirithe leis na Stáit Aontaithe agus leis na Náisiúin Aontaithe - chun leibhéal ceannaigh isteach na stát réigiúnach a aithint agus réimsí a aimsiú don chomhlántacht, don chomhthiomsú agus don roinnt.

---

<sup>19</sup> Na 8 bprionsabal maidir leis an gCur Chuige Cuimsitheach: 1. Anailís Chomhroinnte, 2. Fís Straitéiseach Chomhchoiteann, 3. Ag Díriú ar Chosc, 4. Láidreachtaí agus cumais éagsúla an Aontais a tharraingt le chéile, 5. Tiomnaigh go fadtéarmach, 6. Beartas inmheánach agus seachtrach a nasc le gníomh, 7. Ról Thoscaireachtaí an Aontais, 8. Comhpháirtíocht Idirnáisiúnta

<sup>20</sup> An Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (Rialachán DCI (AE) Uimh. 233/2014, 11 Márta 2014), lena n-áirítear a Chlár Pan-Afracach; Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin (Rialachán IcCS (AE) Uimh. 230/2014, 11 Márta 2014); an clár in-ACC laistigh de CEF agus cláir DG eile de chuid an Choimisiúin.

19. Is é is aidhm freisin leis an bPlean Gníomhaíochta an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí uile an Aontais Eorpaigh uile, lena n-áirítear an iarracht atá á déanamh ag an Aontas agus a Bhallstáit trí CBES/CBSC agus tríd an tionscnamh gaolta chun tacú le fothú acmhainní na dtíortha comhpháirtíochta agus na n-eagraíochtaí réigiúnacha le cur ar a gcumas géarchéimeanna a sheachaint agus a bhainistiú dóibh féin. Cuirtear san áireamh sa phlean gníomhaíochta an méid a chuireann cumas agus saineolas sibhialta agus míleata Bhallstáit an Aontais le Cur Chuige Cuimsitheach an Aontais Eorpaigh i Murascaill na Guine, ar muir agus ar talamh araon. Ba cheart ceachtanna a foghlaimíodh, nuair is iomchuí, ó thaithí roimhe seo agus ó chásanna eile, amhail i gCorn na hAfraice agus in áiteanna eile, agus misin CBSC atá ar bun faoi láthair amhail EUCAP Nestor agus EUCAP Sahel an Nigéir, a chur san áireamh. Thairis sin, mar atá leagtha amach sa Chur Chuige Chuimsitheach, is é is aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta sineirgí sibhialta/míleata agus roinnt faisnéise a fheabhsú.
20. Tá roinnt bearnaí fós le líonadh áfach, ráite meascán na mbagairtí agus na ndúshlán éagsúil sa réimse muirí is gá a chur in ord tosaíochta, lena n-áirítear roinnt réimsí tábhachtacha amhail damáiste don chomhshaol, acmhainní ar ghrinneall na farraige agus gnéithe eacnamaíochta eile. Tá sé tábhachtach freisin go ndíreofaí ar na príomhbhacainní polaitiúla, maorlathacha agus eacnamaíochta le tabhairt faoi d'fhonn cur le dreasachtaí na dtíortha bearta éifeachtacha a dhéanamh agus réitigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i gcoinne na coireachta muirí mar a leagtar amach i gCód Iompair Yaoundé iad. Anailís choinbhleachta agus ghéarchéime, luathrabhadh/measúnú riosca, pleanáil theagmhasach, coinbhleachtaí a chosc, bainistiú géarchéime agus cobhsaíocht agus clársceidealú comhpháirteach, ní mór iad go léir a fheabhsú laistigh den Phlean Gníomhaíochta de réir mar a théann sé chun cinn, mar uirlisí rithábachtacha de chuid an Aontais chun ár dtuiscint a chur chun cinn agus ár bhfreagairt a dhíriú ar bhealach níos fearr. Agus an méid sin á dhéanamh aige, tiocfaidh an Plean Gníomhaíochta le bheith níos cruinne agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tacaíocht ón Aontas i gcoinne na rioscaí sin á chur in iúl.

21. Tá imirce ina ghné thábhachtach freisin laistigh de agus ó réigiún Mhurascaill na Guine, le taismigh rialta d'imircigh neamhdhleathacha ag iarraidh tíortha éagsúla a bhaint amach de mhuir i gcúinsí contúirteacha. Tá deis ann chun tógáil ar bhunsraith na tola polaitiúla atá ann faoi láthair. Le feabhas ar an tslándáil mhuirí agus le laghdú iarmhartach sa ghníomhaíocht choiriúil, tiocfaidh laghdú ar an imirce eacnamaíoch agus tiocfaidh méadú ar thrádáil, ar chobhsaíocht agus ar rathúnas sa réigiún.
22. Tá buntáiste suntasach ag an Aontas Eorpach i gcomparáid le mórán comhpháirtithe eile, arb é an comhpháirtí forbartha is tábhachtaí do na tíortha sa réigiún é agus ar príomh-chomhpháirtí trádála onnmhairí é. Leis na deacrachtaí atá ann faoi láthair maidir le tabhairt faoin gcoireacht mhuirí ar muir go hiomchuí, léirítear saincheistean na níos leithne maidir le rialachas agus smacht reachta ar talamh. Le feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí, cuideofar le cobhsaíocht níos fearr ar talamh agus cumasófar an chobhsaíocht sin. Mar sin féin, ní leor acmhainní airgeadais. Tá sé i gceist go mbeidh rannpháirtíocht feabhsaithe taidhleoireachta ag an Aontas Eorpach sa réigiún agus go ndéanfaidh sé comhordú feabhsaithe polaitiúil ann chun tacú le gníomhaíocht réigiúnach agus gníomhaíocht a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith, agus chun an ghníomhaíocht sin a spreagadh, le torthaí a bhaint amach maidir le Cód Iompraíochta Yaoundé<sup>21</sup> agus chun tacú leis an idirphlé agus ar mhaithe leis an tacaíocht theicniúil – i bhfoirm comhairle agus meantóireachta, iad go léir ar chostas íseal ach ar luach ard. Is féidir leis an Aontas a lán saineolas praiticiúil a thairiscint i ndáil leis sin. Leis an gcomhordú líonraithe a dhéanann Toscaireachtaí an Aontais agus Ambasáidí na mBallstát ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach, cuideofar leis na bearnaí ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach a shainaithint agus an tacaíocht a shainaithint ab iomchuí don Aontas a chur ar fáil. Beidh ról lárnach ag Toscaireachtaí an Aontais agus ag Ambasáidí na mBallstát i bpróiseas an chomhair, faoi cheannaireacht fhoriomlán Chomhordaitheoir an Aontais Eorpaigh maidir le Murascaill na Guine.
23. In Iarscríbhinn B, roinntear na ceithre chuspóir uileghabhálacha de chuid Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Murascaill na Guine ina dtáblaí lena léirítear na Torthaí agus na Gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag Súil leo thar thréimhse comhlíonta láithreach, meántéarmach agus fadtéarmach<sup>22</sup>.

<sup>21</sup> Mar shampla ag idirphléití polaitiúla, ar idirphéití maidir le Gníomhaíocht Chomhpháirteach don Todhchaí nó ar idirphléití Stráitéiseacha iad, amhail na cinn sin a cuireadh ar bun leis an Nigéir, le hAngóla, agus leis an Afraic Theas in 2014.

<sup>22</sup> Láithreach; Meántéarmach (bliain amháin go trí bliana); Fadtéarmach (trí bliana go cúig bliana)

#### 4 – NA CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA AGUS NA TORTHAÍ A bhFUILTEAR AG SÚIL LEO

24. Sa Phlean Gníomhaíochta atá ann faoi láthair, déantar foráil don Chreat Oibríochtúil chun straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Murascaill na Guine a chur chun feidhme ón lá inniu go 2020 agus níos faide anonn<sup>23</sup>. Is éard atá inti cláir leanúnacha, chomh maith le tionscadail agus gníomhaíochtaí nua a chuirfear chun feidhme ar leibhéal an Aontais trí ionstraimí agus sásraí éagsúla - lena n-áirítear CBES/CBSC féideartha – i gcomhar le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus go comhleanúnach le Straitéis Slándála Muirí an Aontais (EUMSS).
25. Is é sprioc fhoriomlán an Phlean Gníomhaíochta reatha go rannchuideofar le forbairt inbhuanaithe gheilleagair Stáit chósta na hAfraice Thiar agus na hAfraice Láir trína shuntasáil atá earnáil mhuirí dhea-rialaithe, shábháilte agus shlán a chur chun cinn. Tá sé i gceist, leis, go mbainfear an sprioc sin amach trí fheabhas a chur ar chumais stát cósta de chuid Mhurascaill na Guine dul i ngleic le dúshláin chasta, fhadréimseacha na neamhshlándála muirí, na coireachta eagraithe, agus na ngníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuiriscithe, neamhrialáilte (IUU).
26. Is iad seo a leanas na torthaí a bhfuiltear ag súil leo le linn na chéad chúig bliana eile:
1. Tuiscint chomhchoiteann a chothú ar scála na bagartha i Murascaill na Guine agus an gá atá ann i measc na dtíortha sa réigiún agus an chomhphobail idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt uirthi.
  2. Cabhrú le rialtais an réigiúin institiúidí stóinsithe, riaracháin stóinsithe mhuirí agus cumais stóinsithe ilghníomhaireachta a chur ar bun chun an fheasacht mhuirí, an tslándáil agus an smacht reachta a áirithiú.
  3. Tacú le geilleagair rathúla sa réigiún seo i gcomhréir le straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha forbartha, chun fostaíocht a chruthú agus chun cabhrú le pobail leochaileacha an athléimneacht a chothú agus diúltú do ghníomhaíochtaí coiriúla nó foréigneacha.
  4. Struchtúir chomhair a neartú idir thíortha an réigiúin agus na heagraíochtaí réigiúnacha chun na bearta is gá a dhéanamh leis na bagairtí ar muir agus ar talamh a mhaolú.

---

<sup>23</sup> Beidh athrú ar fhoireann Choimisiún an Aontais in 2020 agus is fiú bheith ag díriú ar an dáta sin sula ndéanfar meastóireacht agus athbhreithniú/nuashonrú ar straitéis an Aontais maidir le Murascaill na Guine



27. Chun na torthaí sin a bhaint amach, beartaítear na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas:
- Idirphlé polaitiúil agus caidreamh a chothú ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach le heagraíochtaí réigiúnacha agus le gníomhaireachtaí náisiúnta maidir leis an gcaoi chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí agus ar na dúshláin éagsúla; tosaíocht a thabhairt do réimsí gníomhaíochta agus an "úinéireacht" náisiúnta agus réigiúnach a spreagadh
  - Forbairt acmhainní agus tacaíocht institiúideach d'ailtireacht phróiseas Yaoundé
  - Saineolas agus cúnaimh teicniúil a chur ar fáil (meantóireacht)
  - Oiliúint agus trealamh
  - Tacaíocht don chomhar réigiúnach agus do roinnt na faisnéise; na stáit sa réigiún a spreagadh, trí IMO agus trí fhóiraim ábhartha eile amhail grúpa G7++ FOGG, chun an dea-chleachtas agus na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt eatarthu féin agus le geallsealbhóirí san earnáil phríobháideach agus tionsclaíochta
  - Oibríochtaí comhpháirteacha agus cleachtaí
  - Tacaíocht chun infheistíocht a éascú i mbonneagair thosaíochta
  - Tacaíocht don fhás inbhuanaithe, cuimsitheach trí thionscadail cúnamh forbraíochta a gcabhraítear an bhochtaineacht a laghdú leo
  - Tacú le leas a bhaint as Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide den chéad scoth
  - Comhordú le comhpháirtithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, agus grúpa G 7 ++ FOGG.
  - Measúnuithe leanúnacha agus mapáil gníomhaíochtaí agus tionscnamh mar aon le sásraí faireacháin agus meastóireachta atreisithe.
  - Dlúthnaisc agus comhairliúcháin rialta leis an earnáil phríobháideach agus leis an lucht tionsclaíochta maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh beartaithe agus maidir le tograí/moltaí/dea-chleachtais ábhartha, go háirithe chun an dúbláil a sheachaint.
28. Déantar forbheathnú ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo maidir le cuspóirí Straitéis an Aontais a chur ar fáil in Iarscríbhinn A. Déantar tograí níos mionsonraithe le haghaidh gníomhaíochta a chuimsiú in Iarscríbhinn B mar bhonn do chreat comhtháite cur chun feidhme le haghaidh idirghabhálacha de chuid an Aontais Eorpaigh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

## 5 – CUR CHUN FEIDHME AGUS CISTIÚ

29. Is ann d'ionstraimí agus sásraí/rialacha mionsonraithe éagsúla maoiniúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh chun an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme (e.g. comhar polaitiúil, teicniúil, lena n-áirítear deiseanna móra ghníomhaíocht CBES/CBSC i gcomhar le Ballstáit an Aontais , nó i gcomhar le tríú tíortha agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile). Tá roinnt gníomhaíochtaí ar bun nó á n-ullmhú cheana faoi chuimsiú na hIonstraim a Chuidíonn le Cobhsaíocht agus Síocháin (IcCS) - fadtéarmach<sup>24</sup>; tá cinn eile á bhforbairt (e.g. gníomhaíochtaí a dtacaítear leo trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIIInna) a chomhordú, ar bhealach níos fearr, le gníomhaíochtaí a mhaoiníonn IcCS agus ionstraimí Forbartha), lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le síocháin agus forbairt), agus tá cinn eile fós lena n-éileofar maoiniú breise. Le maoiniú ó Chiste Forbraíochta na hEorpa faoi chláir tháscacha náisiúnta agus faoi chláir tháscacha réigiúnacha araon, d'fhéadfaí cur le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta reatha.
30. Trí na cúraimí a roinnt agus trí chomhordú le Ballstáit an Aontais i ndáil le maoiniú agus gníomhaíochtaí comhphárteacha, laghdófar an dúbláil agus féadfar comhlántacht níos fearr a bhaint amach idir tionscadail éagsúla chun éifeacht charnach níos fearr a bhaint amach. Tá sé beartaithe dul i gcomhar freisin le comhpháirtithe eile tábhachtacha idirnáisiúnta amhail na Stáit Aontaithe, na Náisiúin Aontaithe (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta) agus Cairde Mhurascaill na G7++ . D'fhéadfadh comhthiomsú agus comhroinnt a bheith ar áireamh ann sin, tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana agus cinn nua, b'fhéidir, amhail Oiliúnú agus Feistiú, a chur chun feidhme.

---

<sup>24</sup> Is éard is aidhm don tionscadal maidir le Bealaí Criticiúla Muirí (BCM) go ndéanfar an phíoráideacht a chomhrac agus tacaítear le tíortha éagsúla leis (Beinin, Camarún, an Ghuine Mheánchiorclach, an Ghabúin, an Nigéir, São Tomé, Tóga; Gána agus an Cósta Eabhair) maidir leis an acmhainn a fhorbairt le haghaidh comhair réigiúnaigh sa tslándáil mhuirí (oiliúint, faisnéis a roinnt, comhordú). Cuireadh tús leis an tionscadal in 2013, beidh ré ceithre bliana i gceist leis agus beidh buiséad EUR 4.5 milliún ag gabháil leis, agus tá sé á leathnú faoi láthair chun tionscnaimh réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chomhlánú agus a neartú tuilleadh chun tacú le próiseas Yaoundé ina iomláine agus leis an Lárionad Comhordúcháin Idir-réigiúnach.

## **6 – STIÚRADH AGUS COMHORDÚ**

31. Mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle an 17 Márta 2014, déanfaidh Comhordaitheoir Sinsearach de chuid an Aontais Eorpaigh comhordú ar chur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le Murascaill na Guine agus an Phlean Gníomhaíochta seo agus áiritheoidh sé faireachán agus tuairisciú córasach. Foráiltear do chomhairliúchán earnálach agus trasearnálach geallsealbhóirí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal náisiúnta agus do dhlúth-chomhordú agus dlúthchomhar leis an gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) ar bhonn tráthrialta, ar a laghad gach sé mhí.
32. Is é an ról a bheidh ag an gcomhordaitheoir sinsearach tionchar níos mó a áirithiú tríd an Aontas Eorpach agus na Ballstáit de chuid an Aontais atá gníomhach sa réigiún a thabhairt le chéile chun go ndéanfar ionstraimí a úsáid ar bhealach comhsheasmhach, comhleanúnach agus comhlántach agus chun go neartófar comhordú polaitiúil, lena n-áirítear an t-idirphlé polaitiúil a neartú le heagraíochtaí réigiúnacha agus le gníomhaireachtaí náisiúnta.

## **7 - AN tAONTAS AGUS AN RANNPHÁIRTÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA, GO DTÍ SEO AGUS ATÁ BEARTAITHE**

33. Tá gníomhaíochtaí éagsúla i réimsí na slándála muirí i Murascaill na Guine, agus iad maoinithe ag an Aontas Eorpach agus ag a chuid Ballstát, ar bun cheana nó á n-ullmhú. Leagtar amach iad thíos.

34. Is éard is aidhm do CRIMGO (Bealaí Criticiúla Muirí do Mhurascaill na Guine - EUR 4.5 milliún thar thréimhse ceithre bliana), feabhas a chur ar leibhéal na comhroinnté faisnéise, an chomhair idirghníomhaireachta agus an chomhordaithe ar an leibhéal réigiúnach thar Mhurascaill na Guine. Rinneadh athbhreithniú air chun go n-oiriúnófar níos dlúithe é do thionscnaimh réigiúnacha phróiseas Yaoundé agus go n-ailíneofar níos dlúithe é leo. Díritear sa tionscadal ar dhá ghné atá ann: comhar réigiúnach na slándála muirí agus an chomhroinnté faisnéise, agus an t-oideachas muirí agus an oiliúint mhuirí. Áirítear sa chéad ghné saineolaí a imscaradh - atá bunaithe in Yaoundé cheana - chun tacú leis an Lárionad Comhordúcháin Idir-Réigiúnach; áirítear sa dara gné seisiúin oiliúna mhuirí réigiúnacha a soláthraíodh do bhreis agus 60 geallsealbhóir go dtí seo, agus seisiúin oiliúna maidir le freagairt do ghéarchéimeanna, a soláthraíodh cheana in Beinin, i dTóga, i gCamarún agus sa Nigéir. Cuireadh síneadh cheana le tionscadal CRIMGO, go dtí mí Eanáir 2017. Faoi ghné fhadtéarmach de IcCS, tá gníomhaíocht EUR 7.5 milliún breise beartaithe chun tacú leis an tslándáil mhuirí i Murascaill na Guine i gcoitinne (an tSeineagáil go dtí Angóla) le tacú le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Murascaill na Guine a bhfuil tús curtha lena gcéim foirmlithe cheana, agus féadfar obair tionscadail a thosú in 2016. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí air sin cumarsáid idir-ionaid, comhroinnté faisnéise agus forbairt acmhainní, go háirithe i gcriosanna D agus E, agus ag leathnú de réir a chéile go dtí na criosanna uile
35. Tá gníomhaíocht níos gearrthearmaí de 18 mhí (tuairim is EUR 1 milliún faoi Airteagal 3) beartaithe freisin (meantóireacht/treoir do shaineolaí de chuid Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta (IMO) a bheidh rannpháirteach go dlúth i malartuithe an Lárionaid Comhordúcháin Idir-Réigiúnaigh agus Theas-Theas) beartaithe freisin, agus é a bheith mar aidhm léi go gcuirfear an saineolaí chuig Yaoundé i mí an Mhárta 2015. Tá IMO ag obair san Afraic Thiar agus san Afraic Láir ó 2006 le hEagraíocht Mhuirí na hAfraice Thiar agus Láir (EMATL) chun an coincheap "líonra comhtháite maidir le feidhmiú na ngardaí cósta" a chur chun cinn: cur chuige comhtháite, ilghníomhaireachta a spreagadh maidir le forghníomhú an dlí muirí lena n-áirítear an gháinneáil a chomhrac, rialú teorann, an tsábháilteacht mhuirí, slándáil agus cosaint an chomhshaoil mhuirí. Soláthróidh saineolaí de chuid IMO, in éineacht le saineolaí CRIMGO, sinéirge agus acmhainn bhreise chun go mbeidh an deis is fearr ag an Lárionad Comhordúcháin Idir-Réigiúnach a bheith mar institiúid inchreidte, inmharthana.

36. Ó 2009 i leith, faoin Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta<sup>25</sup>, tá beagnach EUR 50 milliún geallta ag an Aontas Eorpach do bhreis agus 40 tír san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib tríd an gClár suaitheanta maidir le Conair an Chócaoin sna hiarrachtaí chun an choireacht eagraithe agus an gháinneáil drugaí araon a chomhrac. I measc na ngnéithe atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair san Afraic Thiar, tá Tionscadal Comhair na gCalafort (SEACOP) chun Aonaid faisnéise agus rialaithe idirghníomhaireachta a chruthú chun lastais a bhfuiltear in amhras fúthu a chuardach agus chun comhar réigiúnach agus trasréigiúnach a spreagadh i gcoinne na gáinneála aindleathaí trí bhealaí farraige; Tionscadal Cumarsáide na nAerfort (AIRCOP) chun tascfhórsaí a bhunú in aerfoirt roghnaithe, ar tascfhórsaí don díchumasú iad, agus iad a nascadh le bunachair shonraí d'fhorfheidhmiú an dlí idirnáisiúnta; Córas Faisnéise Póilíneachta na hAfraice Thiar (WAPIS) chun tacú i roinnt tíortha píolótacha le bunachair náisiúnta shonraí agus, faoi dheoidh, le bunachair réigiúnacha shonraí a bhunú chun faisnéis póilíneachta ábhartha a bhailiú; tionscadal AML-WA chun go spreagfar iarracht idir-réigiúnach agus idirnáisiúnta, i gcoinne an sciúrtha airgid, le haonaid faisnéise airgeadais agus le hoifigigh d'fhorfheidhmiú an dlí. I measc na ngníomhaíochtaí ábhartha amach anseo, atá á n-ullmhú faoi láthair, tá tacaíocht don imscrúdú coiriúil réigiúnach/trasréigiúnach agus do chomhar réigiúnach/trasréigiúnach an cheartais choiriúla idir tíortha feadh Chonair an Chócaoin.
37. Tá trí thionscadal i gclár an Aontais maidir le "Tacaíocht don Earnáil Mhuiriompair san Afraic" (a cuireadh ar bun i mí Iúil 2014 - EUR 5 mhilliún - agus a mhairfidh go dtí 2016), ina gcuirtear béim ar Iarthar na hAfraice agus na hAfraice Láir, ar shábháilteacht mhuirí, ar éifeachtúlacht calafort agus ar rialú Stáit ar chalafoirt, ar uasghrádú a dhéanamh ar shonraí agus ar mhalartú sonraí, agus a mhaoinítear leis an gCiste Eorpach Forbraíochta ( In-ACC). Tá baint ag an Aontas Afracach (AA), ECOWAS, ECCAS agus MOWCA leis an gClár seo; tá na 28 dtír de chuid MOWCA in ann tairbhe a bhaint as.

---

<sup>25</sup> An Rialachán maidir leis an Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta (IFS) (CE) Uimh. 1717/2006 ón gComhairle an 1 Eanáir 2007

38. Tugann an tAontas aghaidh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte trí Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte<sup>26</sup>, agus tacaíonn an Coimisiún agus an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach le gníomhaíochtaí forbartha acmhainní ó thaobh an fhaireacháin, an rialaithe agus an fhaireachais de (MSC) chomh maith leis na hiarrachtaí forbartha/rialachas iascaigh a bhaineann go háirithe le Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIIInna)<sup>27</sup> agus ní leo sin amháin. Faoi láthair, tá comhaontuithe agus prótacail i bhfeidhm le Rinn Verde, an tSeineagáil, Guine-Bissau, an Cósta Eabhair, an Ghabúin, Sao Tome agus Principe. Cuirfear tús leis an idirbheartaíocht leis an Libéir in 2015. Ag an am céanna, bhain an Coimisiún Iascaigh Fo-Réigiúnach tairbhe as maoiniú ó Chiste Forbraíochta na hEorpa leis an bhfaireachán, an rialú agus an bhfaireachas a neartú. Maoiníodh roinnt gníomhartha i réimse an fhaireacháin, an rialaithe agus an fhaireachais in Iarthar na hAfraice agus san Afraic Láir leis an gclár ACP FISH II (clár le Coimisiún Réigiúnach Iascaigh Mhurascaill na Guine - COREP, san áireamh). Léiríodh leis an taithí sin gur gá cur leis na hinniúlachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus gur gá comhordú a neartú trí shainordú na gcomhlachtaí réigiúnacha iascaigh. I gcomhréir le Cur Chuige Cuimsitheach an Aontais, déanfar an tacaíocht a chuireann an tAontas ar fáil trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a chomhordú trí Fhorbairt, tríd an Ionstraim a Chuidíonn le Cobhsaíocht agus Síocháin, trí Chiste Forbraíochta na hEorpa agus trí ionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais chomh maith leis na tionscnaimh ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.
39. Tá ról gníomhach déthaobhach ag roinnt Ballstát de chuid an Aontais freisin. Tá roinnt acu ag obair leis na stáit sa réigiún chun na cuanta éagsúla sa réigiún a nuachóiriú agus a leathnú. Déantar é sin den chuid is mó trí dhul i ndlúthchomhar le comhpháirtithe réigiúnacha, leis an lucht tionsclaíochta agus leis an earnáil phríobháideach. Tá cabhlach i láthair go buan ag an bhFrainc i Murascaill na Guine lena misean "CORYMBE". Tá togra "ASECMAR" á chur chun feidhme aici ó 2011 i leith, ar togra é lena ndírítear ar riaracháin shlándaíl muirí sa réigiún a neartú. Is gníomhach i réimsí éagsúla freisin iad an Bheilg, an Danmhairg, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe. D'fhéadfaí tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar choincheap na "mBallstát Ceannais" do réimsí nó do ghníomhaíochtaí sonracha in Iarscríbhinn B.

<sup>26</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle

<sup>27</sup> D'éirigh leis na stáit chósta nó na bratstáit luach €9m d'fhíneálacha agus de tháillí a aisghabháil mar thoradh ar imscrúduithe a rinne an Coimisiún in 2011 agus in 2012, agus mar gheall air sin, diúltaíodh, i gcinntí áirithe, allmhairiú a ligean isteach san Aontas.

40. Tá an chlárseidealú do 11ú CFE (2014 – 2020) á dhéanamh faoi láthair agus tabharfar i gcrích é ag tús 2015. Sainithníodh "an tSíocháin, an tSlándáil agus an Chobhsaíocht Réigiúnach" mar cheann de na hearnálacha lárnacha i gClár Tásach Réigiúnach Iarthar na hAfraice agus na hAfraice Láir araon (tuairim is EUR 1,5 billiún idir an dá chlár). Tagann Murascaill na Guine chun cinn maidir le tacaíocht a d'fhéadfaí a fháil faoi na cláir sin faoi cheannteidil a bhaineann leis an tslándáil réigiúnach agus leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe. Tá plé ar siúl le ECOWAS agus le ECCAS d'fhonn go n-áireofaí an méid a leanas ar na tosaíochtaí réigiúnacha: dul i ngleic le sciúradh airgid, leis an ngáinneáil, le forbairt acmhainní ó thaobh na slándála muirí, leis an gcomhrac in aghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus tacú leis earnáil iascaigh agus leis an earnáil dhobharshaothraithe.
41. Síníodh roinnt Clár Tásach Náisiúnta cheana féin agus cumhdaítear earnálacha leo a bhaineann go díreach nó go hindíreach le cur chun feidhme an Phlean Gnímh atá ann faoi láthair. Tabharfar aird ar leith ar na sineirgí agus ar an gcomhlántacht idir maoiniú an Aontais agus maoiniú na mBallstát, lena n-áirítear trí chlárseidealú comhphárteach ar an leibhéal náisiúnta, trí na hacmhainní a dhíriú ar na cuspóirí is práinní.

42. Tá rannpháirtíocht comhpháirtithe idirnáisiúnta eile ríthábhachtach freisin. Tá Roinn na Stát Aontaithe d'Oifig Stát na hAfraice agus Ceannasaíocht Mhíleata na Stát Aontaithe chun na hAfraice (AFRICOM) ag obair go príomha in Iarthar na hAfraice le feabhas a chur ar imscrúdú na coireachta muirí eagraithe trí cheardlanna oiliúna réigiúnacha a mhaoiniú do ghníomhaireachtaí éagsúla fhorfheidhmiú an dlí, agus trí chúnadh teicniúil a chur ar fáil le cabhrú le hAireacht Dlí agus Cirt na Nigéire leis an gcoireacht mhuirí a ionchúiseamh, buncaireacht ola agus fuadach san áireamh. Déanann AFRICOM muirchleachtais bheo bhliantúla de chuid an *OBANGME Express* i Murascaill na Guine, cleachtais ina mbíonn Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus comhpháirtithe eile amhail an Iorua agus an Bhrasáil rannpháirteach, chomh maith leis na cabhlaigh réigiúnacha. Ó 2013 i leith, faoi chuimsiú Stáisiún Chomhpháirtíocht na hAfraice (SCA), cuireadh gníomhaíochtaí éagsúla ar bun, amhail 'Gaoithe na hAfraice' agus '*Sahara Express*', a raibh muirshaighdiúirí ó Bhallstáit éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh, ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ó thíortha sa réigiún rannpháirteach iontu, iad ag obair le chéile san oiliúint agus i bhfothú acmhainní feadh chósta na hAfraice Thiar. Tá Interpol, a rinne imscrúdú ar ionsaithe a rinneadh ó 2013, ag baint leas as a Oifigí Náisiúnta Lárnacha i Murascaill na Guine agus as a Oifigí Réigiúnacha Lárnacha in Abidjan agus in Yaoundé, agus tá tionscadal AGWE á cheapadh aige chun tacú leis na húdaráis phóilíneachta i Murascaill na Guine, chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcoireacht mhuirí. Is fóinteach iad na tionscnaimh sin go léir chun bearnaí a shainaithint maidir le forbairt acmhainní agus comhroinnt faisnéise, agus caithfear gníomhaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta sin na tionscnaimh sin a chur san áireamh.



# IARSCRÍBHINN A - ACHOIMRE AR NA RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA ATÁ BEARTAITHE

**Cuspóir foriomlán:** Forbairt inbhuanaithe a bhaint amach do gheilleagair Stáit chósta na hAfraice Thiar agus Lár trí thábhacht earnáil mhuirí dhea-rialaithe, shábháilte agus daingean a chur chun cinn.

| Cuspóirí   | Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo   | Amchlár <sup>28</sup> |
|--|---|-----------------------|
| <b>1. Comhthuiscint níos fearr maidir le scála na bagartha, agus an gá go dtabharfaí aghaidh uirthi, i measc thíortha an réigiúin agus an chomhphobail idirnáisiúnta</b> | 1.1 Idirphlé déthaobhach le Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), le Comhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS), le Coimisiún Mhurascaill na Guine (GGC), leis an Aontas Afracach, agus leis na rialtais náisiúnta | L                     |
|  | 1.2 Tuairisciú agus anailísiú rialta maidir leis na rioscaí a bhaineann le Ballstáit an Aontais agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta  | L/M                   |
|  | 1.3 Faisnéis maidir le gníomhaíochtaí a roinnt leis na geallsealbhóirí ar fad lena mbaineann  | L/M                   |
| <b>2. Institiúidí ilghníomhaireachta a athneartú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta</b>   | 2.1 Acmhainní na n-institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt   | M                     |
|  | 2.2 Malartú níos fearr faisnéise agus leas a bhaint as Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide den chéad scoth   | L/M                   |
|  | 2.3 Feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach (lena n-áirítear custaim, an garda chósta, an phóilíneacht mhuirí, agus Gendarmerie)   | L/M                   |
|  | 2.4 Feabhas a chur ar an gcomhar trasnáisiúnta (comhar creasa)  | M                     |

<sup>28</sup> Láithreach; Meántéarmach (bliain amháin go trí bliana); Fadtéarmach (trí bliana go cúig bliana)

|  |  |     |
|--|--|-----|
| <b>3. Geilleagair agus comhphobail chósta a bheadh níos rathúla agus níos athléimní</b>  | 3.1 Rialachas níos fearr ar phríomhthionscail (tionscail na hiascaireachta agus tionscail eastóscacha san áireamh)   | M   |
|  | 3.2 Tacaíocht do thionscadail bhonneagair, lena n-áirítear calafoirt   | M/F |
|  | 3.3 Tacaíocht don fhás agus don fhostaíocht i limistéir chósta   | M/F |
|  | 3.4 Taighde a éascú trína bhféadfar cúiseanna fabhracha a thuiscint agus tacú le tionscnaimh óige agus oideachais chun coiriúlacht a mhaolú  | L/M |
| <b>4. Struchtúir chomhair a neartú, leis an réigiún, agus i measc Bhallstáit an Aontais agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta</b> | 4.1 Comhar réigiúnach praiticiúil a spreagadh a rachadh níos faide ná céim an dearbhaithe  | L   |
|  | 4.2 Idirphlé polaitiúil agus brústocaireacht a chomhordú chun an cód iompair a chur chun feidhme, Meabhrán Tuisceana (MT).   | L   |
|  | 4.3 Tacaíocht do Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), do Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS) agus do Choimisiún Mhurascaill na Guine (GGC) ó thaobh a gcomhordú inmheánach lena gcuid Ballstát féin; lena chéile agus lena gcuid comhpháirtithe seachtracha | L/M |

**IARSCRÍBHINN B — CREAT GNÍOMHAÍOCHTA A BHEARTAÍTEAR DE RÉIR  
NA dTORTHAÍ A bhFUILTEAR AG SÚIL LEO**

| <b>TORADH 1: Comhthuiscint níos fearr ar scála na bagartha agus an gá go dtabharfaí aghaidh uirthi, i measc na dtíortha sa réigiún agus an chomhphobail idirnáisiúnta</b> |  |   |   |
|---|--|---|---|
| <b>Uimh.</b>  | <b>Na torthaí a bhfuil ionchas leo</b>   | <b>Gníomhaíochtaí<sup>29</sup> agus Príomhghníomhaithe<sup>30</sup></b>   | <b>Tréimhse don seachadadh<sup>31</sup></b> |
| 1.1   | <b>Idirphlé déthaobhach le Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), le Comhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS), le Coimisiún Mhurascaill na Guine (GGC), leis an Aontas Afracach, agus leis na rialtais náisiúnta</b><br>lena ndírítear ar chuspóirí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus ar choimeád na síochána agus na cobhsaíochta i gcoitinne a chur chun cinn i réigiún Mhurascaill na Guine (mar a leagtar amach i Rún 2018 agus Rún 2039 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe) | (a) Ar an leibhéal réigiúnach: Príomhghníomhaithe in eagraíochtaí réigiúnacha a shainaithint maille leis na leibhéil tionchair atá acu le go bhféadfaí plé tairbhiúil déthaobhach a dhéanamh (SEGS)   | L   |
|   |  | (b) Ar an leibhéal réigiúnach: Le hIdirphlé Polaitiúil an Aontais leis na hEagraíochtaí Réigiúnacha, déanfar slándáil ar muir agus ar talamh, chomh maith le lúbanna ar lár, treochearta agus riachtanais, a mheas go rialta, chun deiseanna maidir le rannpháirtíocht oibríochtuil agus pholaitiúil a shainaithint (SEGS)  | L   |
|   |  | (c) Ar an leibhéal náisiúnta: Príomhghníomhaithe i measc údarais náisiúnta a shainaithint ionas go ndéanfar teagmhálacha ar ardleibhéal agus go gcomhaontófar cruinnithe rialta áitiúil a reáchtáil. (BS/SEGS)  | L   |
|   |  | (d) Ar an leibhéal náisiúnta: Sainaithint agus measúnú i ndáil le cibé acu atá muid ag déileáil le bearna sa chur chun feidhme nó bearna sa rialú (sa rialachas), nó an dá rud. (e.g. maidir le comhlachtaí láidre ilghníomhaireachta a fhorbairt don rialachán muirí) (BS/COIM/SEGS)   | L   |
|   |  | (e) Tacú le smaointe maithe maidir le dinimicí idir-réigiúnacha a fheabhsú agus na smaointe sin a chur chun cinn; samplaí a dhéanamh de mhúnlaí maithe a leanfar i gcás inarb fhéidir, amhail MAOC - N, MTISC - Murascaill na Guine. (BS/COIM/SEGS)   | L   |
|   |  | (f) Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh: Rannpháirtíocht agus rannchuidiú i gcruinnithe FOGG (Cairde Mhurascaill na Guine) nó i gcruinnithe méadaithe den Ghrúpa Teagmhála i gcoinne na Píoraideachta amach ó chósta na Somáile (CGPCS), i gcruinnithe aireachta réigiúnacha (ECOWAS/ECCAS) agus i gcruinnithe mullaigh an Aontais Afracaigh chun comhar praiticiúil a spreagadh lena dtacófaí leis an bpróiseas Yaoundé. (BS/SEGS) | L   |

<sup>29</sup> Is éard atá sna Gníomhaíochtaí réamhchreat do chur chun feidhme idirghabhálacha comhordaithe institiúidí an Aontais agus Bhallstáit an Aontais

<sup>30</sup> Laistigh dá n-inniúlachtaí agus dá sainorduithe dlíthiúla. Baineann an fonóta seo leis na tagairtí uile do "Phríomhghníomhaithe"

<sup>31</sup> L: Láithreach; M: Meántearma (bliain amháin go dtí trí bliana); F: Fadtearma (trí bliana go dtí cúig bliana)

|     |  |  |     |
|-----|--|--|-----|
| 1.2 | <b>Tuairisciú agus anailísiú rialta maidir leis na rioscaí a bhaineann le Ballstáit an Aontais agus lecomhpháirtithe idirnáisiúnta</b> | (a) tuiscint a fheabhsú trí chur chuige riosca-bhunaithe agus trí mhairtís a tháirgeadh; dóchúlacht an riosca a chomhoiriúnú lena thionchar nó lena iarmhairtí ar leasanna an Aontais Eorpaigh agus Mhurascaill na Guine. <b>(BS/SEGS)</b>   | L/M |
|     |  | (b) Anailís a chomhtháthú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta (na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Afracach) agus ar an leibhéal téamach agus geografach laistigh den Aontas Eorpach trí rannpháirtíocht/imeachtaí na meithleacha machnaimh a éascú, rannpháirtíocht le saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, le lucht tionscail, ESSanna, comhpháirtithe Chorn na hAfraice, an earnáil phríobháideach, agus cuideachtaí tionsclaíochta agus loingseoireachta. <b>(BS/SEGS)</b> | L   |
|     |  | (c) Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh: Go mbeadh Murascaill na Guine ar chlár oibre don idirphlé polaitiúil le príomhchathracha agus comhpháirtithe tábhachtacha an Aontais Eorpaigh: Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSín, an tSeapáin, an Bhrasáil, an Afraic Theas, Ceanada, an Astráil etc. as a dtiocfadh, b'fhéidir, brústocaireacht shionchrónaithe roimh chruinnithe mullaigh réigiúnacha agus idirnáisiúnta. <b>(BS/SEGS)</b>   | L   |
|     |  | (d) Ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach: Tuairisciú agus anailís a chur ar fáil maidir le saincheisteanna ábhartha (e.g. conas is féidir rannchuidiú le cinnteoireacht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil) <b>(BS/SEGS)</b>  | L/M |
|     |  | (e) Ar leibhéal na hearnála príobháidí: dlúthnaisc agus comhairliúcháin eagraithe a choimeád leis an earnáil phríobháideach, go háirithe le cuideachtaí loingseoireachta, tionscail, na hearnáil mhianadóireachta agus ceardiascach, agus a dtuairimí a chur san áireamh lena áirithiú go ndéanfar gníomhartha comhlántacha. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L/M |

| Uimh. | Na torthaí a bhfuil ionchas leo   | Gníomhaíochtaí   | Tréimhse don seachadadh |
|-------|---|--|-------------------------|
| 1.3   | <b>Faisnéis maidir le gníomhaíochtaí a roinnt leis na geallsealbhóirí ar fad lena mbaineann</b> | (a) Ar an leibhéal náisiúnta: Comhpháirtithe bronntacha a shainaithint chun íomhá shoiléir a thabhairt maidir leis ar an iarracht chomhpháirteach ar an leibhéal áitiúil agus maidir leis an mbealach is féidir le hinstiúidí agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh tionchar a bheith acu agus breisluach a chur ar fáil. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L/M                     |
|       |   | (b) Ar an leibhéal idirnáisiúnta: Rannpháirtíocht in iarrachtaí comhordaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus i ngníomhaíochtaí comhpháirtithe tábhachtacha, go ndéanfar tionchar iomlán a uasmhéadú agus dúbláil a sheachaint. (e.g. trí bhunachar sonraí FOGG, "Aigéin thar Phíoráideacht" agus/nó uirlisí eile) <b>(BS/SEGS)</b>   | L                       |
|       |   | (c) Ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta <sup>32</sup> : Déanfaidh na rialtais náisiúnta, na heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus Ballstáit an Aontais mapáil ar ghníomhaíochtaí leanúnacha le go n-aithneofaí nideoige ina bhféadfaidh Ballstáit an Aontais obair lena chéile chomh maith le comhlántach le comhpháirtithe idirnáisiúnta. <b>(BS/COIM/SEGS)</b> | M                       |

<sup>32</sup> Caithfidh faisnéis a fhéadfaí an comhphobal muirí a roinnt a bheith i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Chód Idirnáisiúnta maidir le Longa agus Saoráidí Calafort. Éilítear an méid a leanas le roinnt faisnéise idir gníomhaithe míleata agus neamh-mhíleata (príobháideacha): (a) íomha iomlán d'fhaireachas muirí ar cheart don dá gheallsealbhóir cruthú go comhpháirteach agus (b) cruthú prótacal maidir le faisnéis a roinnt eatarthu agus le gníomhaithe tríú páirtí, ó tharla go bhfuil an fhaisnéis ábhartha aicmithe go minic.

| <b>TORADH 2: Institiúidí ilghníomhaireachta a athneartú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta</b> |  |   |                            |
|---|--|---|----------------------------|
| <b>Uimh.</b>  | <b>Na torthaí a bhfuil ionchas leo</b>                                   | <b>Gníomhaíochtaí agus Príomhghníomhaithe</b>   | <b>Tréimhse comhlíonta</b> |
| 2.1   | <b>Acmhainní na n-institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt</b> | (a) Measúnú ar riachtanais a sheoladh ar mhaithe le clár maidir le rannpháirtíocht i bhfothú acmhainní a leagan amach d'fhonn deireadh a chur le cumais na bhfoghlaithe ar tír mhór agus amach ón gcósta. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L/M                        |
|   |  | (b) Saineolas seachtrach a chur ar fáil don Ionad Comhordaithe Idir-réigiúnach de réir riachtanas agus tosaíochtaí. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L                          |
|   |  | (c) Tacú leis an Ionad Comhordaithe Idir-réigiúnach i ndáil le straitéis cumarsáide a fhorbairt agus eolas faoi ghníomhaíochtaí, faoi thorthaí, faoi phleanáil agus faoi chomhordú le lárionaid réigiúnacha agus criosanna muirí a thabhairt cothrom le dáta go rialta. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>                 | L/M                        |
|   |  | (d) Cuidiú le pointí comhtheagmhála a bhunú ar bhonn 24/7 ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach le bheith i bhfeidhm — i gcomhréir leis an gCód Iompair — agus as a dtiocfaidh eagrahram Tíre agus Réigiúnacha a chruthófar agus a roinnfear i measc ionaid ábhartha. <b>(BS/COIM/SEGS)</b> | L/M                        |
|   |  | (e) Ar an leibhéal náisiúnta: Tacú le tíortha straitéisí náisiúnta muirí a fhorbairt, lena leagfar amach an bealach ar a bhforbróidh siad agus a mbainfidh siad leas as a gcuid criosanna eisiacha eacnamaíocha- de réir an Chóid Iompair. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M                        |
|   |  | (f) Ar an leibhéal náisiúnta: Tacú le tíortha chun institiúidí/gníomhaireachtaí áitiúla (náisiúnta) agus a lárionaid oibríochta agus comhordaithe féin a neartú d'fhonn cloí le Cód Iompair Yaoundé (lena n-áirítear saineolas a neadú iontu sin, b'fhéidir). <b>(BS/COIM/SEGS)</b>                           | L/M                        |

|     |  |   |       |
|-----|--|---|-------|
|     |  | (g) Ar an leibhéal réigiúnach: Cumais na hidirghabhála muirí a fheabsú trí fhothú na n-acmhainní muirí; an garda cósta, an cabhlach, gníomhaireachtaí d'fhorfheidhmiú an dlí agus gníomhaireachtaí custaim a bheadh oilte agus feistithe mar is ceart. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M/F |
|     |  | (h) Tacú leis na cumais ilghníomhaireachta le gurbh fhearr an idir-inoibritheacht idir na freagairtí náisiúnta agus réigiúnacha muirí. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M   |
|     |  | (i) Eiseamláirí maithe atá i bhfeidhm cheana féin chun oiliúint a chur ar phearsanra a spreagadh agus a chur chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí, lena gcuirfí le samhla, amhail MAOC-N, MTISC-Murascaill na Guine, agus le tionscnaimh amhail Interpol/WAPIS. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L     |
|     |  | (j) Tacú le ECCAS agus le ECOWAS maidir le CRESMAC, CRESMAO & agus an Lárionad Comhordaithe Idir-réigiúnach a fhorbairt. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M   |
|     |  | (k) Rannpháirtíocht a bhunú leis an tionscal ola agus leis an tionscal iascaireachta ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn a riachtanais agus a gceanglais a thuiscint ó thaobh an Chóid Iompair de. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | M     |
| 2.2 | <b>Malartú níos fearr faisnéise agus leas a bhaint as Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide den chéad scoth</b> | (a) Ar an leibhéal náisiúnta: Tacú le bealaí cumarsáide a shruthlíníú idir eintitis mhuirí agus eintitis eile fhorfheidhmiú an dlí, rud a chiallóidh go ndéanfar an choireacht mhuirí a thuairisciú agus a thairfeadh a thuilleadh. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L/M   |
|     |  | (a) Ar an leibhéal náisiúnta: Tacaíocht a chur ar fáil chun a áirithiú go mbeidh trealamh cumarsáide agus braiteoirí curtha in oiriúint do gach tír, ach a mhéid is féidir, go mbeidh siad idir-inoibritheach laistigh den réigiún) agus gan forluá a bheith eatarthu agus struchtúir atá ann cheana, ar mhaithe le húsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus feabhas a chur ar fheasacht ar dhálaí éagsúla muirí. <b>(BS/COIM/SEGS)</b> | L/M   |

| Uim h. | Na torthaí a bhfuil ionchas leo  | Gníomhaíochtaí agus Príomhghníomhaithe   | Tréimhse comhlíonta |
|--------|--|--|---------------------|
| 2.2    | <b>Malartú níos fearr faisnéise agus leas a bhaint as Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide den chéad scoth</b> | (c) Ar an leibhéal náisiúnta: Feabhas a chur ar fhaireachas agus ar chórais inrianaitheachta, go mbeadh sásraí sábháilte agus iontaofa tuairiscithe ann le haghaidh malartú éifeachtach faisnéise, chun sonraí a bhailiú agus a bhainistiú. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M                 |
|        |  | (g) Ar an leibhéal réigiúnach: Tacú le cur chun feidhme/scaipeadh éifeachtach na gcleachtas is fearr (lena n-áirítear Dea-chleachtas Frithphíoráideachta), go mbeadh Ionaid combhroinnte faisnéise ailínithe agus comhordaithe agus comhlántach sa chaoi go ndéanfaí na teachtaireachtaí céanna a chur ar aghaidh chuig mairnéalaigh agus cuideachtaí loingseoireachta. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M                 |
|        |  | (e) Ar an leibhéal réigiúnach: Caighdeánú na samhlacha taifeadta agus tuairiscithe chun tuiscint ar na sonraí a tharchuirfear a luathú agus a éascú. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | M                   |
| 2.3    | <b>Feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach</b>  | (a) Ar an leibhéal náisiúnta: Cuidiú le creataí náisiúnta dlíthiúla a fhorbairt, mar aon leis na struchtúir eagrúcháin leordhóthanacha is gá chun an Cód Iompair a chur chun feidhme, as a ndaingneofar ionstraimí idirnáisiúnta amhail UNCLOS, SOLAS, ARAS, UNCLOS, UNFSA, PSMA) agus a ndéanfar iad a chomhchuiभिही le reachtaíocht náisiúnta le go bhféadfaí ionchúisimh éifeachtúla agus rathúla a dhéanamh. <b>(BS/COIM/SEGS)</b> | M                   |
|        |  | (b) Ar an leibhéal náisiúnta: Tacaíocht a thabhairt chun go gcomhlíonfar na hionstraimí infheidhme idirnáisiúnta dlíthiúla le haghaidh iascaireachta, saothrú mianraí amach ón gcósta (lena n-áirítear goid ola agus hidreacarbóin), dramhaíl a dhumpáil, gáinneáil ar dhruaí agus rianú a dhéanamh ar shreabha airgeadais, de réir an Chóid Iompair agus an comhlíonadh sin a neartú. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>                           | M                   |
|        |  | (c) Ar an leibhéal náisiúnta: Tacú le slabhra ceartais éifeachtúil — póilíneacht agus ionchúiseamh inniúil, breithiúna neamhspleácha agus éifeachtúla, saoráidí leordhóthanacha coinneála, chun déileáil go héifeachtach le píoráideacht agus le coiriúlacht. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | M                   |



|     |   |   |     |
|-----|---|---|-----|
|     |   | (d) Ar an leibhéal réigiúnach: Tacú le sainmhínte traidisiúnta i ndáil le creat dlíthiúil caighdeánach a bhaint amach agus á roinnt ar fud an réigiúin de réir an Chóid Iompair. <b>(COIM/SEGS)</b>   | L/M |
|     |   | (e) Ar an leibhéal réigiúnach: Tacú le comhaontuithe maidir le forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach idir údaráis na dtíortha lena mbaineann. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L/M |
| 2.4 | <b>Feabhas a chur ar an gcomhar trasnáisiúnta (comhar creasa)</b> | (a) Ar an leibhéal réigiúnach: Mapáil na sócmhainní atá ar fáil i Murascaill na Guine, chun géarchéim mhuirí a bhainistiú (CRESMAC, CREMAO, MOWCA & Ionad Comhordaithe Idir-réigiúnach). <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M |
|     |   | (b) Mapáil na riachtanas oiliúna ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. <b>(COIM/SEGS)</b>  | L/M |
|     |   | (c) Ar an leibhéal réigiúnach: Comhordú a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí sibhialtacha agus míleata agus cumas sibhialtach agus míleata atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí i gcomhair feasacht ar réimsí muirí, fothú acmhainní agus maidir le hoiliúint/feidhmiú. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | M   |
|     |   | (d) Comhar idir gníomhaireachtaí a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon (CMCanna athraithe ina lárionaid ilghnéitheacha — a bhfuil feidhm garda cósta acu chun obair i gcomhréir le Cód Iompair Yaoundé). <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | M   |
|     |   | (e) Ar an leibhéal réigiúnach: Obair chomhleanúnach le comharsana díreacha agus le CMCanna réigiúnacha agus le hionaid eile a neartú, lena gcruthófar oibríochtaí rathúla agus slándáil agus cumais níos láidre ó thaobh an fhorfheidhmithe muirí agus na bhfeidhmeanna garda cósta. <b>(COIM/SEGS)</b> | M   |
|     |   | (f) Ag cabhrú le go mbeidh Criosanna muirí D agus E go hiomlán oibríochtúil. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M |

| <b>TORADH 3: Geilleagair agus comhphobail chósta a bheadh níos rathúla agus níos athléimní</b> |  |  |                            |
|--|--|--|----------------------------|
| <b>Uimh.</b>   | <b>Na torthaí a bhfuil ionchas leo</b>   | <b>Gníomhaíochtaí agus Príomhghníomhaithe</b>  | <b>Tréimhse comhlíonta</b> |
| 3.1  | <b>Rialachas níos fearr arphríomhthionscail (tionscail na hiascaireachta agus tionscail eastóscacha san áireamh)</b> | (a) Rialachán agus bainistiú na n-iascach agus na dtionscal eastóscach a neartú (ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon) ar mhaithe le hanailís fheabhsaithe/tuairisciú feabhsaithe ar chumais fhorfheidhmithe na dtionscnamh éagsúil agus ar an bhfeabhsú a theastaíonn nó ar bhearnaí ina bhféadfadh an tAontas bheith ina chabhair. <b>(COIM/SEGS)</b> | M                          |
|  |  | (b) Tíortha a spreagadh chun dreasachtaí a bhunú don athrú le hionstraimí eacnamaíocha (dreasachtaí fíoscacha do na cuideachtaí sin a chloíonn leis na rialacháin, athbhreithniú á dhéanamh ar dhreasachtaí cánach/ fóirdheontais chánacha etc.). <b>(COIM/SEGS)</b>   | M                          |
|  |  | (c) Sainordú Eagraíochtaí Bainistithe Iascaigh thíortha Mhurascaill na Guine a neartú, lena gcuirfear feabhas ar chomhar agus ar éifeachtacht na n-eagraíochtaí réigiúnacha agus lena ndéanfar gabhálacha a thairfeadh agus a thairisciú. <b>(COIM/SEGS)</b>   | M                          |
| 3.2  | <b>Tacaíocht do thionscadail bhonneagair, lena n-áirítear calafoirt</b>  | (a) Ar an leibhéal réigiúnach: Tacú le rochtain ar fhuinneamh agus ar sheirbhísí bunúsacha a bhaineann le calafoirt agus le tionscail mhuirí, lena bhfeabhsófar an trádáil laistigh den Afraic agus lena ndéanfar infheistíocht a mhealladh chuig an Aontas in earnáil iompair mhuirí na hAfraice. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | M/F                        |
|  |  | (b) Ar an leibhéal náisiúnta: Tacú le calafoirt chun cloí le Cód IMO ISPS, ar mhaithe le bonneagar agus oibríochtaí calafoirt níos sábháilte, níos éifeachtaí & níos éifeachtúla a bheith ann, mar aon le méadú ar an ioncaim do na Rialtais. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | M                          |
|  |  | (c) Infheistíocht a éascú i mbonneagar ábhartha amhail calafoirt (ionstraimí airgeadais, dreasachtaí, comhordú deontóirí etc.) <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | M                          |

|     |  |   |     |
|-----|--|---|-----|
| 3.3 | <b>Tacaíocht don fhás agus don fhostaíocht i limistéir chósta</b>  | (a) Agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais na bpobal cósta i straitéisí forbartha, lena n-áirítear pobail iascaireachta. <b>(MS/COM/EEAS)</b>   | M/F |
|     |  | (b) Tacú le cruthú post agus leis an bhfás in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe tríd an slabhra luacha a fheabhsú. <b>(BS/Coim/SEGS)</b>   | M/F |
|     |  | (c) Dálaí sábháilteachta in earnáil an iascaigh agus in earnáil na dtionscal eastóscach a fheabhsú, lena n-áirítear oiliúint a chur ar phearsanra. <b>(BS/Coim/SEGS)</b>  | M   |
|     |  | (d) Oiliúint mhuirí agus staidéar ar theicneolaíocht mhuirí a chur chun cinn lena geruthófar tuilleadh post. <b>(BS/Coim/SEGS)</b>  | L/M |
|     |  | (e) Tacú le córais éifeachtacha bhreithiúnacha, i ndlí an riaracháin, sa dlí sibhialta agus sa dlí tráchtála, mar phríomh-chumasóirí fáis inbhuanaithe. <b>(BS/Coim/SEGS)</b>   | M   |
| 3.4 | <b>Taighde a éascú trína bhféadfar cúiseanna fabhracha a thuiscint agus tacú le tionscnaimh óige agus oideachais chun coiriúlacht a mhaolú</b> | (a) Na cúiseanna socheacnamaíocha atá leis an gcoiriúlacht sa réigiún sin a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu. Agus aird ar leith á tabhairt ar an dífhostaíocht i measc an ógra, ar an radacú, ar an imirce mhídhleathach agus ar an smuigleáil. <b>(COIM/SEGS)</b> | M   |
|     |  | (b) Pobail leochaileacha/atá i mbaol a shainaithint trí uirlisí amhail an Luathrabhadh Coinbhleachta, Measúnuithe Riosca ar Choinbhleachtaí agus straitéisí an Aontais um Chearta an Duine. <b>(COIM/SEGS)</b>  | L/M |
|     |  | (c) Aghaidh a thabhairt ar ábhair inní na bpobal cósta i ndáil le hiascaireacht mhídhleathach agus i ndáil le dumpáil dramhaíola. <b>(COIM/SEGS)</b>  | M   |
|     |  | (d) Rochtain ar oideachas agus ar shlite beatha malartacha a spreagadh trí dhreasachtaí oiliúna lena gcruthófar laghdú ar an gcoiriúlacht fhoriomlán. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | M   |
|     |  | (e) Rannpháirtíocht an chomhphobail i dtionscnaimh áitiúla forbartha eacnamaíche agus tacaíochta eacnamaíche. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L/M |

| <b>TORADH 4: Struchtúir na gcomhar leis an réigiún agus i measc Bhallstáit an Aontais agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta a neartú</b> |   |  |                            |
|---|---|--|----------------------------|
| <b>Uimh.</b>  | <b>Na torthaí a bhfuil ionchas leo</b>  | <b>Gníomhaíochtaí agus Príomhghníomhaithe</b>  | <b>Tréimhse comhlíonta</b> |
| 4.1   | <b>Comhar réigiúnach praiticiúil a spreagadh a rachadh níos faide ná céim an dearbhaithe</b>                                  | (a) Tacú le lárionaid chomhordaithe réigiúnacha (CRESMAC agus CRESMAO) a bheith i bhfeidhm as a dtiocfaidh pleanáil, comhordú agus cumarsáid níos fearr i measc na gcomhpháirtithe réigiúnacha. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>  | L/M                        |
|   |   | (b) Cuidiú leis na príomh-ghníomhaireachtaí agus leis na príomh-institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha le go mbeidh sreabha faisnéise mar aon le próisis chinnteoireachta agus phleanála i bhfeidhm acu. <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L/M                        |
|   |   | (c) Ceachtanna atá foghlamtha ag an Aontas i gCorn na hAfraice a chomhroinnt agus a phlé, más iomchuí (e.g. an taithí ón nGrúpa Teagmhála i gcoinne na Píoráideachta amach ó Chósta na Somáile a chur ar aghaidh, chun tacú le hiarrachtaí comhordaithe agus comhair de chuid ECOWAS, ECCAS agus GGC). <b>(BS/COIM/SEGS)</b> | L                          |
|   |   | (d) Taithí an Aontais a roinnt maidir le forbairt "fheidhmeanna an gharda chósta". <b>(BS/COIM/SEGS)</b>   | L                          |
|   |   | (e) Féachaint an bhféadfaí tionscnaimh an chomhair Theas-Theas a dhéanamh le tíortha Dheisceart agus Oirthear na hAfraice nó le tíortha Mhuir Chairib, lena n-áirítear deiseanna comhpháirtíochta a lorg. <b>(BS/SEGS)</b>   | L/M                        |
| 4.2   | <b>Idirphlé polaitiúil agus brústocaireacht a chomhordú chun an cód iompair a chur chun feidhme, Meabhrán Tuisceana (MT).</b> | (a) Na heagraíochtaí réigiúnacha a spreagadh chun a gcuid oibleagáidí maidir le Meabhrán Tuisceana Yaoundé a chomhlíonadh agus chun a naisc institiúideacha leis an Aontas Afracach (AA) agus le straitéis Slándála Muirí AIM 2050, a ghabhann leis, a threisiú. <b>(BS/SEGS)</b>  | L/M                        |
|   |   | (b) Fócas réigiúnach breisluacha a chur ar fáil, lena gcomhlánófar Straitéis na Saiheile agus tionscnaimh chun coinbhleachtaí a chosc. <b>(BS/SEGS)</b>  | L                          |

|     |   |  |     |
|-----|---|--|-----|
| 4.3 | <b>Tacú le comhordú inmheánach Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS) agus Choimisiún Mhurascaill na Guine (GGC) lena mBallstáit; lena chéile agus le comhpháirtithe seachtracha</b> | (a) Tacaíocht ó chomhpháirtithe seachtracha a éascú trí Chairde G7++Mhurascaill na Guine agus trí ghrúpaí eile G7 + maidir le Coireacht Thromchúiseach agus Eagraithe lena gcruithófar comhar agus gníomhaíocht níos fearr chun coinbhleachtaí a dhí-adhaint. <b>(BS/SEGS)</b> | L   |
|     |   | (b) Bearnaí agus laigí atá sa chumas acu faoi láthair a aithint (Abuja, Yaoundé, Libreville, Luanda), mar aon le deiseanna do thograí tapa insroichte chun aghaidh a thabhairt ar bhaic pholaitiúla. <b>(BS/SEGS)</b>  | L   |
|     |   | (c) Leibhéal rannpháirtíochta na stát réigiúnach a aithint. <b>(BS/SEGS)</b>   | L/M |